# TOMÁS BAIRÉAD PAPERS

## GP2/50

Galway County Council Archives

Cnocán Glas, GP2 50(1)
Spidéal,
Gaillimh
Dé Máirt

A Thomáis a Chara,

Maith dom an moill faoi scríobhadh, ach chinn orm an leabhar Ultach seo a fháil go dtí inniu. Thosaigh mé go h-íseal 7 go h-ard í, 7 seo áit a bhfuair mé faoi dheireadh thiar í istigh i leabhar eile. Tá mé ag cur na trí cinn chugat. Beidh tú anuas orm gan tada a dhéanamh duit, ach ní dhearna mé faic ón tseachtain deireadh d'Iúil idir Loch Dearg, Árainn 7 eile. Chaill mé mo pheann i Loch Dearg, 7 chuir sin siar go mór mé, mar chinnfeadh orm tada a scríobhadh le na pinn bheaga. Déanfaidh mé rud eicínt anocht. Ní féadaim an páipéar a fháil ach oiread. Níl páipéar ar bith le fáil sna bólaí seo ach an Press. Tá sé amhlaidh i gcuid mhaith áiteachaí freisin.

Is ait atá do bhean ag cruthachtáil an chreatúir. Is mór is fiú dí an méid seo

ḃrisġ a ḃeiṫ uirre. Ní ḃeaḋ a fios agaḋ
is aice Conġnaṁ Dé naċ sRlanfaḋ
sí as amaċ annseo. Ní Raiḃ an oiread
sin féin siúl agaḋ leiṫe scaṫam.

Maidir leis an sean-ḟear is deacair a
ḃeiṫ ag siúl le ḃiseaċ uaidsean. Geiḟiḋ
an aois a cuid féin a fáil.

Loiṫ an DRoiġneánaċ orainn ar fad.
Creideann gaċ duine gur dhíol sé an
ġort: go raiḃ an ċrúibín cam ann.
Creidim féin é ċo maiṫ le duine. Níor
ċuir sé de ċor ar biṫ. Ba ġeall le
sean-ċailliġ san ḃfáinne. Ḃí sé
briste ar ḃainne dó. Dá dteagaḋ sé go
Gaillimh an oiċe sin: oiċe Dé Saṫairn-
Ḃí maṫsluaġ ag an traen leis a
ionnsaí. Sílim gur gearr a ḃainfear sé
amaċ san Spideal anois. Ní taoḃóid
an deoraí ann é. Is beag a taoḃaiḋ
é mar a ḃí sé. Déanfaḋ Máirtín rud ar
biṫ ar airgead. Measaim go ḃfuair sé
slam cothrom air. Rud eile b'féidir a raiḃ
baint aige leis an scéal: naċar ṁaiṫ leis
an mbean é a dul go Meiriocá 's an ċruṫ
a ḃfuil sí. Sé barúil ċuile duine go
raiḃ sé indon aige, dá dtograḋ sé.

Níl a fios agam ceart is cor dom féin
's dom gúm faoi Láṫair. Ó a ċuir mé

ḟocal ċuca go mo ċeartú féin orra, níor
ċuala mé scéal ná scuan uaṫa ó ṡoin.
Bí siad le coiste téarmaíoċta éicint
a ċur ar bun, aċ ní ḃfuair aon-scéala
faoi sin aċ oiread. Ní móide go ḃfuiġinn.
Is dóiġ go mbeiḋ mé ag dul go Baile
Áṫa Cliaṫ ar aon-nós idir seo ⁊ mí.
Measaim go mbeiḋ. Má ḃíonn feicfiḋ
mé ṫú. Tá fúm a dul ar ais go h-Árainn
faoi ċomair an ṫírneáin, t'éis gur
ḟóbair gur báṫaḋ ann mé ċeana.
Cuimniġ mé, aċ is dóiġ gur ċuimniġ
tú féin ċeana air, go mb'fiú duit sraiṫ
scéalta a scríoḃaḋ faoin gceann a dtug-
tar páipéar nuaíoċt amaċ. Is fada é ċo
fada le m'eolas naċar scríoḃaḋ tada
faoi in nGaeilge ċeana. Léiġ mé leaḃar le
gairid The Press (Wickham Steed — iar
eagarṫóir Times Sasana) ⁊ ~~[illegible]~~ ċuir mé
cuid maiṫ spéise innte. Tá neart fígiúirí
⁊ eile ní mar sin tugṫa síos innte.

Casaḋ fear ar Inis Meáin liom — Seán Ó Briain — tá sé in a ṗrinnséapa ag Dollard Selim. Scríoḃfaḋ sé rudaí ḋuit faoi ṗrinnséapaċt, nó tá sé i ríoċt ar aon-ċor. Ar ṫarr tú cuiḋiú ar ḃíṫ ar Ṗeadar Nelli (Peadar Ó Domhnaill) ar an gCeaṫraṁa Ruaḋ. Líonfaiḋ sé an páipéar uaiḋ féin! Tá dearbhráṫair ag Máirtín Ó Direáin aṫá in a ḟear faṫaí 13 Carla nó san gCeaṫraṁain Ruaiḋ ⁊ tá sé ag breacaḋ ar eadan ṗréipín! D'airiġ mé go raiḃ leaḃar leaṫ-milliún focal scríoḃṫa aige! Dá ḃfaġaḋ sé urscalaíoċt ar margaḋ d'ḟéadfaḋ sé sraiṫ alt a scríoḃaḋ faoi ċúrsaí talmaíoċta ⁊ a ċuid oiḃre féin.

Casaḋ Peadar Ó Máille liom i nGaillimh an lá faoi ḋeireaḋ. Tá sé éirite as an ól cur fad. Ní h-é is fearr ag an tsláinte aḋéir sé. Agus tá na féiṫeaċaí ag at sna Cosa arís air! Ní ḟulair do doċtúirí a ċeadú!

Feicfiḋ mé ṫú ar teo go ceann móra,

Mise do ċara,

Máirtín Ó Caḋain.